# INTO/Cumann Múinteoirí Éireann



Eochairfhocail: comhdháil, Ard-Rúnaí, cáineadh, brú, na meáin shóisialta, riachtanais speisialta, Aire Oideachais

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. 1.Ainmnigh an dá ábhar cainte a luann an láithreoir a bhí faoi chaibidil ag comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann i mbliana?
2. Cá raibh an chomhdháil ar siúl?
3. Cén duine i gCumann Múinteoirí Éireann a rinne cáineadh láidir ar an Roinn Oideachais ag an gcomhdháil?
4. Cad faoi ar labhair an tAire Oideachais Hildegarde Naughton ina hóráid ag an gcomhdháil?
5. Ainmnigh trí phost a luann Máirín Ní Chéileachair ina giota cainte.
6. Cén saghas brú atá i gceist ag Caoimhín MacColaim?
7. Cén cosc a luann John Boyle, Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann, ba mhaith leis a bheith i bhfeidhm sa tír seo?
8. Cad a deir John Boyle maidir le líon na ndaltaí i ranganna bunscoile na tíre seo?
9. Cad a bheidh le foilsiú go luath?
10. Ar mhaith leat a bheith i do mhúinteoir bunscoile amach anseo? Cén fáth?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Aimsigh na botúin**

Bíonn Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann ar siúl gach (1)blian. Is le linn laethanta saoire na Cásca a bhíonn sí ar siúl. Ba i gCill Áirne, i (2)contae Chiarraí, a bhí comhdháil na bliana seo ar (3)súil. Tugann an chomhdháil deis do mhúinteoirí bunscoile teacht le chéile agus nithe (4)tábhachtach a bhaineann le gairm bheatha an mhúinteora bhunscoile a phlé. Chomh maith leis sin, is nós leis an (5)aire Oideachais teacht chun na comhdhála agus óráid a thabhairt. Go hiondúil, (6)curtar fáilte chroíúil roimh an Aire Oideachais ach thar na blianta léirigh múinteoirí bunscoile áirithe a míshástacht leis an Aire agus (7)chuireadh fáilte dhoicheallach roimhe nó roimpi. Maireann an (8)chomhdháil trí (9)laethanta de ghnáth. Ní fios go fóill cá (10)raibh Comhdháil Chumann Muinteoirí Éireann ar siúl an bhliain seo chugainn.

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar phost an mhúinteora. Bainigí leas as na ceisteanna seo a leanas chun an comhrá a stiúradh.**

· An gceapann tú gur post deacair é post an mhúinteora?
· Cad iad na dúshláin atá ag an múinteoir?
· Cad iad na tréithe atá ag múinteoir maith?
· Cad iad na tréithe atá ag múinteoir nach bhfuil chomh maith sin?
· Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith i do mhúinteoir?
· Cad iad na difríochtaí atá ann idir a bheith i do mhúinteoir agus a bheith i do phríomhoide?
· Cérbh í nó cérbh é an múinteoir ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ort thar na blianta? Cén fáth?
· An bhfuil aon duine atá gaolta leat ina m(h)úinteoir?

## Freagraí

1. Cúrsaí pá agus easpa seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
2. Cill Áirne
3. Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann
4. An tábhacht a bhaineann le múinteoirí bunscoile na tíre seo
5. Teiripeoirí, teiripeoirí cainte, síceolaithe, síceolaithe oideachais agus múinteoirí
6. Brú ó thaobh pá/chúrsaí airgid agus chúrsaí boilscithe de
7. Cosc ar úsáid na meán sóisialta i measc páistí faoi bhun 16 bliana d'aois
8. Tá na ranganna is mó san Eoraip againn in Éirinn
9. Torthaí an tsuirbhé a rinneadh ar phátrúnacht bunscoileanna

Bíonn Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann ar siúl gach bliain. Is le linn laethanta saoire na Cásca bhíonn sí ar siúl. Ba i gCill Áirne, i gcontae Chiarraí, a bhí comhdháil na bliana seo ar siúl. Tugann an chomhdháil deis do mhúinteoirí bunscoile teacht le chéile agus nithe tábhachtacha a bhaineann le gairm bheatha an mhúinteora bhunscoile a phlé. Chomh maith leis sin, is nós leis an Aire Oideachais teacht chun na comhdhála agus óráid a thabhairt. Go hiondúil, cuirtear fáilte chroíúil roimh an Aire Oideachais ach thar na blianta léirigh múinteoirí bunscoile áirithe a míshástacht leis an Aire agus cuireadh fáilte dhoicheallach roimhe nó roimpi. Maireann an chomhdháil trí lá de ghnáth. Ní fios go fóill cá mbeidh Comhdháil Chumann Muinteoirí Éireann ar siúl an bhliain seo chugainn.

